Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14602/23

SOC 717
EMPL 506

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta<br>Ceapachán Kiril ZHELYAZKOV, comhalta don Bhulgáir, in ionad Rumen RADEV, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Rumen RADEV éirithe as oifig mar chomhalta den Choiste thuas i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí (don Bhulgáir).

2. Faoi Airteagal 75 de Rialachán (CE) 883/2004 an 29 Aibreán 2004[1] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha, cé go bhfuil na ceapacháin bailí go ceann tréimhse 5 bliana leis an gCinneadh ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020[2].

[1] IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
[2] IO C 315 I, 23.9.2020, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na Bulgáire le teacht in ionad an chomhalta atá ag éirí as oifig, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025:

Kiril ZHELYAZKOV
Member of the Governing Board of the Bulgarian Industrial Capital Association
15 Trakia str.,
BG-1527 Sofia
Teil.: + 359 2 963 37 52
*Ríomhphost: bica@bica-bg.org*

4. D'fhéadfadh <u>Coiste na mBuanionadaithe</u>, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an <u>Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo</u> lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a <u>ghlacadh</u> mar mhír 'A', agus

(b) an Cinneadh a <u>fhoilsiú</u>, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta

den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta[3], agus go háirithe Airteagal 75 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 21 Meán Fómhair 2020[4], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta don tréimhse dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí tagtha chun bheith folamh ó tharla gur éirigh Rumen RADEV as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Bulgáire don fholúntas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[3] IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.

[4] IO C 315 I, 23.9.2020, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Kiril ZHELYAZKOV ina chomhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta in ionad Rumen RADEV, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán